

Tuarascáil Bhliantúil Phríosún Mhuinseo 2011

Curtha faoi bhráid an Uasail Alan Shatter, an tAire Dlí agus Cirt in Eanáir, 2011

Tugann sé pléisiúr dúinn an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2011 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt. Go deimhin tharla a lán athruithe agus feabhsuithe ar an bpríosún. Sciatháin athchóirithe, clár glantacháin agus péinteála. Tá toilteanas ó chroí ann ar thaobh na bainistíochta agus na foirne a bheith bainteach go hiomlán le feabhsuithe a moladh más féidir. Mar sin féin is ár bhfreagracht é tuairisciú a dhéanamh a mhéad is féidir de réir mar a fheicimid ar cad atá breithnithe agus pléite sa phríosún le dhá mhí dhéag anuas, maith nó olc.

Is ceist an-tromchúiseach é plódú fós, le barraíocht príosúnach i gcillíní beaga, na bhfuil deartha le haghaidh an lín áitritheoirí sin. Thuairiscíomar in 2010 go nglacfaimid cur chuige maidir leis na feabhsuithe geallta ar an bpríosún agus go bhfanfaimid leo. Tá sé deacair mar sin féin barraíocht daoine atá teoranta i spásanna beaga le suas le 23 uair sa lá a bhreithniú. Ní leithscéal é srianta airgeadais go leanfaidh an cás seo i bhfad eile. Ní mór an clár athchóirithe agus leithdháileadh tuilleadh spásanna a luathú, agus ní mór scrúdú leanúnach a dhéanamh ar an gcúis le príosúnaigh a choinneáil sa phríosún, agus malairtí a lorg, d'fhonn líonta a laghdú.

Tá gá práinne le clár feabhsaithe oideachais, ar a n-áirítear, i bhfad níos mó rannpháirithe.

Ní raibh glaineacht an phríosún ina ceist ó bhí mí Eanáir 2010 ann, agus tá moladh le tabhairt do gach duine atá bainteach sa chlár seo as a n-iarrachtaí leanúnacha. Thugamar faoi deara nach bhfuil cothabháil na ndoirteal ar chaighdeán inghlactha agus tá gá le clár um chothabháil choiscitheach, faoi mar a mholadh.

Páirtithe Oibre :

Ní fhacamar dul chun cinn ar bith go fóill maidir leis seo.

Troscán i gCillíní :

Le linn na bliana thugamar faoi deara nach raibh mórán nó rud ar bith sna gcillíní san íoslach ach amháin leapacha, ach tá an gceist seo réitithe go ginearálta. Is í an mhórfhadhb sa réimse seo cáilíocht mhí-oiriúnach agus struchtúr na leapacha. Ba cheart iad seo a athsholáthar gan mhoilleanna toisc go mbriseann siad suas go héasca. Rinneamar tuairisciú air seo inár dtuarascáil 2010, agus scríobhaíomar chuig an SPÉ maidir leis an gceist seo in 2011 agus táimid fanacht le freagairt.

Le linn 2011 bhí ar phríosúnaigh codladh ar thochtanna ar an urlár. Mholamar go ndéanfaí roinnt seomraí caitheamh aimsire a úsáid mar chóiríocht de chineál suanleasa, don am i láthair, go dtí go bhfuil an fhadhb phlódaithe réitithe nó fuascailte go méid áirithe. Rinneadh gníomh maidir leis seo, ach b'fhéidir go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh air d'fhonn an cineál seo úsáide a mhéadú, sa chás gur féidir é a úsáid le haghaidh príosúnach oiriúnach.

Láithreacha na gCuariteoirí :

Tá níos mó forairdill agus slándáil níos déine de dhíth sna láithreacha cuairte d'fhonn dul i ngleic le seachadadh míreanna coiscthe. Líonta níos lú príosúnach/cuariteoirí i seomra faoi leith ar bith, agus cuairteoirí agus páistí a chur níos cóngaraí don oifigeach freastail. B'fhéidir go mbeadh éifeacht iombhagartha ag Oifigeach ag siúl suas agus anuas le linn cuairteanna. San fhadtéarma ní mór breathnú ar chuairteanna scagtha.

23 Glásála Uaire :

Táimid fós ag fanacht le hathruithe suntasacha sa chleachtas seo. Tá inní orainn fosta faoin easpa d'am cúí caitheamh aimsire agus easpa de chóras aclaíochta bríoch ar bith. Is buairt sheasta é na héifeachtaí fadtéarmacha a bhíonn ag an gcineál seo aonraithe ar riocht meabhrach daoine. Is féidir linn maolú a lán príosúnach thar thréimhse ama fheiceáil ar bhonn leanúnach.

Íoslach:

Tá príosúnaigh á gcoinneáil fós ar feadh tréimhsí an-fhada i láthair an chithfholcadáin maidir le héisteacht P 19 agus maidir le haonrú ó sciatháin le linn an lae, ag bogadh go cillíní le aghaidh codlata amháin. Ní réiteach sásúil é seo. Tá beagnach gach rud atá ráite againn faoin íoslach fós fíor. Tugadh deimhniú dúinn, ag deireadh 2011, go bhfuil feabhsuithe ar tí tarlú.

Seirbhísí Leabharlainne

Ba cheart go mbeadh leibhéal na forbartha leabharlainne i bpríosúin mar chuid de chlár cuimsitheach oideachais, athchóirithe agus caitheamh aimsire príosúin. Ba cheart do leabharlanna atá tiomanta do dhaoine atá ag cur pianbhreitheanna coinneála isteach a chur san áireamh an dóigh a bhfuil na hacmhainní agus seirbhísí a sholáthraíonn leabharlanna poiblí faoi láthair ábhartha do riachtanais na bpríosúnach.

Soláthraítear eolas i leabharlanna príosúin a fhreastalaíonn ar riachtanais faisnéise, chaitheamh aimsire, foghlama ar feadh an tsaoil agus aistrithe príosúnach, á n-ullmhú le haghaidh a a gcuimsithe rathúil sa tsochaí. Ba cheart breathnú ar leabharlann príosúin mar chloch choirnéil i straitéis litearthachta an phríosúin. Tá rannpháirtíocht príosúnach i mbunchlár litearthachta agus foghlama ina bhonn le haghaidh athchiontú a laghdú.

Leanann an tSeirbhís Leabharlainne i bPríosún Mhuinseo ag cloí lena hoibleagáidí oideachais agus caitheamh aimsire, ach ag leibhéal a bhfuil an-laghdú tagtha air. Tá bac ar a cumas seirbhís lánchuimsitheach a chur ar fáil, den chuid is mó, de bharr easpa foirne.

Uaireanta Oscailte na Leabharlainne

Laghdaíonn uaireanta oscailte na leabharlainne le haghaidh 2011 go suntasach ó bhí 2010 ann, agus tá laghdú tagtha ar líon na bpríosúnach a bhfuil ag fáil rochtana ar an leabharlann. I

mí na Bealtaine i mbliana, rinne an Leabharlannaí Sinsearach, i ndiaidh comhairliúcháin leis an nGobharnóir, cinneadh leabharlannaí a shannadh le hoibriú sa leabharlann gach Céadaoin d'fhonn cuidiú leis na huaireanta oscailte a mhéadú. Cuireann sé seo deis ar fáil do phríosúnaigh bualadh le leabharlannaí gairmiúil. D'éirigh go han-mhaith leis an mbeart seo ar a lán bealaí; mar sin féin, níor tháinig méadú ar na huaireanta dá bharr. Cuireadh an tionscnamh seo i bhfeidhm i ngeall ar neamhleorgacht seirbhís leabharlainne cuífheidhmithe le haghaidh príosúin den mhéid seo.

Cé go bhfuil easnamh ag baint leis an mbeart seo maidir le seirbhís leabharlainne inmharthana a sholáthar, cuireann sé bonn ar fáil maidir le clár struchtúrtha ar féidir feabhas a dhéanamh air, ó seo amach. Tá comhairliúcháin ar siúl le bainistíocht an phríosúin ag féachaint d'uaireanta oscailte na leabharlainne a shíneadh.

Tá sé de thairim an Choiste Cuairte go bhfuil deis ann anois do bhainistíocht an phríosúin breathnú ar leithdháileadh príosúnaigh iontaobhais ar an leabharlann ag féachaint do sheirbhís leabharlainne mhéadaithe a chur ar fáil go dtí leibhéal sásachta.

Oiliúint Foirne

Úsáidtear an córas bainistíochta leabharlainne *Liberty 3* sa leabharlann, a tugadh isteach in 2009. Nuair a tugadh isteach é bhí sé beartaithe go gcuirfí oiliúint maidir leis an gcóras úr seo ar fhoireann an phríosúin atá leithdháilte ar dhualgais leabharlainne. Le himeacht ama, áfach, feictear nár tharla sé seo. Is féidir oiliúint le haghaidh oifigeach a dhéanamh ar mhodh bunúsach, nach nglacann mórán ama ar shiúl ó bhundualgais. Tá tuilleadh breathnaithe de dhíth sa réimse seo.

Cruthaíonn úsáid na bpríosúnach as an gcóras bainistíochta leabharlainne ar líne a dheacrachtaí féin toisc go gcaithfidh an rannóg TF pasfhocail ábhartha a thabhairt dóibh le rochtain ar an gcóras a cheadú. Go dtí seo, níor cuireadh an beart seo i bhfeidhm agus tá gá breathnú air láithreach. Níl ag úsáid *Liberty* sa phríosún faoi láthair ach na leabharlannaithe, a chiallaíonn go bhfuil córas páipéar neamh-chomhoiriúnach i bhfeidhm chomh maith. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí raonaithe a bhaineann le hiasachtú leabhair agus iad a fháil ar ais, agus baineann gné chostais leis seo.

Bailiúchán na Leabharlainne

I ngeall ar neamchinnteacht uaireanta oscailte na leabharlainne tá deacrachtaí tagtha chun cinn maidir le leabhair a tugadh ar iasacht a fháil ar ais. Tá iallach ar an bhfoireann cóipeanna den leabhar céanna atá cailte a chur ar fáil ar fud an phríosúin, agus i bhfad níos mó stoic ná a bhfuil gá leis a sholáthar, d'fhonn seilfeanna na leabharlainne a athshlánú. Ní húsáid éifeachtúil é seo as buiséad na leabharlainne. Labhair baill de chuid an choiste cuairte le príosúnaigh a cheapann gur féidir leo na leabhair a choinneáil chun críche staidéir, agus nach bhfuil orthu iad a thabhairt ar ais. D'fhéadfadh *boscaí bailithe* a thabhairt isteach ar na cinn staighre nó sa *Chiorcal* cuidiú le déileáil leis an bhfadhb maidir le leabhair chailte nó ligthe amú.

Ta saoráidí leabharlann beag ar fáil anois san Aonad Leighis, san Aonad Deighilte agus san Íoslach. Is mionleibhéal seirbhíse iad seo agus níl siad sásúil.

Tá foireann na Leabharlainne ag iarraidh seirbhís imleor agus ghairmiúil a chur ar fáil sa phríosún. Agus é seo á chur san áireamh, fáiltíonn an Coiste Cuairte roimh cheapachán *duine idirchaidrimh* ag bainistíocht an phríosúin d'fhonn gach cúrsaí ar a bhfuil aird de dhíth a chomhordú, faoi mar a mholtar inár dTuarascáil Bhliantúil 2010.

Moltaí

D'fhonn an tseirbhís leabharlainne an tseirbhís seo a mhéadú do phríosúnaigh déanann an Coiste Cuairte na moltaí seo a leanas:

- (a) An líon oifigigh phríosúin oilte i nósanna imeachta leabharlainne a mhéadú,
- (b) Na nósanna imeachta a chuíchóiriú le cur ar chumas oifigigh leabharlainne oilte córais TF a úsáid,
- (b) Breathú ar leithdháileadh príosúnaigh iontaobhais le cuidiú le foireann na leabharlainne,
- (c) Córas 'bosca bailithe' a thabhairt isteach sa phríosún d'fhonn go dtabharfar leabhair a tugadh ar iasacht ar ais go gasta.

Corpoideachas

Tá céadatán ard príosúnach ina ndaoine atá faoi dhian-mhíbhuntáiste, agus a bhfuil il-eispéiris teipeanna acu. Go minic bíonn a bhféiniómhánna íseal maidir le rannpháirtíocht shóisialta. Is féidir le gníomhaíochtaí spóirt na féiniómhánna sin a ghlacadh agus a bhfuinneamh a chur i ngníomhaíochtaí cuidiúla. Is é an phríomhaidhm atá le corpoideachas príosúnach go n-éireofar le smacht ón taobh isteach a fhorbairt.

Is féidir le smacht an choirp tionchar dearfach a bheith aige ar smacht nó rialú meabhrach. Tá ceithre halla aclaíochta laistigh d'ionad Phríosún Mhuinseo suite i Sciathán 'A', Sciathán 'D', san Aonad Leighis agus san Aonad Deighilte. Tá siad seo go léir éascaithe ag teagascóirí corpoiliúna láncháilithe a thugann comhairle ar sceidil chorpoideachais oiriúnacha do gach iontrálaí úr ar ghníomhaíochtaí na hallaí aclaíochta agus a ullmhaíonn na sceidil sin. Tá gach halla aclaíochta feistithe le trealamh comhaimseartha atá oiriúnach le haghaidh corpoiliúint struchtúrtha a dhéanamh. Is iad na huaireanta oscailte 10am-12pm; 2pm- 4pm, agus 5.30pm – 7.30pm

Tá an Coiste Cuairte sásta gur déileáladh le deacrachtaí a bhain le cothabháil threalamh na hallaí aclaíochta, mar a tugadh chun suntais i dTuarascáil Bhliantúil 2010, ar mhodh sásúil. Leanaimid d'fhairsingiú a lorg le haghaidh na saoráidí sin.

An tSeirbhís Séiplíneachta

Agus cúram tréadach agus eaglasta na bpríosúnach agus a dteaghlach curtha faoina gcúram agus á thabhairt acu, cruthaíonn séiplínigh dlúthnaisc leis an bpobal i gcoitinne. I bhfís na seirbhíse séiplíneachta dearbhaítear dínit an duine, agus féachtar de bheith ina ghuth dóibh siúd a bhfuil a saoirse bainte díobh. Is fíís í ina maítear ar shéiplínigh seasamh fáidhiúil maidir le ceisteanna um cheartas sóisialta.

Cuidíonn séiplínigh le príosúnaigh ag a bhfuil fadhbanna teaghlaigh agus a lán lán ceisteanna inní eile. Is féidir breathnú ar shéiplínigh mar *chomhlaí sábhála* do phríosúnaigh ag a bhfuil buarthaí pearsanta agus teaghlaigh.

Agus ualach oibre atá ag méadú i gcónaí, tá bac ar shéiplínigh laistigh den phríosún de bharr easpa líonta agus soláthar cóiríocht oifige chuí. Le linn na bliana thug an Coiste Cuairte chun suntais bhainistíocht an phríosúin, agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, an gá leis an dara séiplíneach a leithdháileadh ar Phríosún Mhuinseo. Tá séiplíneach páirtaimseartha i Muinseo faoi láthair a bheadh ábalta bheith rannpháirteach go hiomlán leis an tseirbhís agus atá toilteanach é seo a dhéanamh.

Fuairéamar a lán iarratas le linn na bliana ó phríosúnaigh ag gearán faoin deacracht teagmháil a dhéanamh le Séiplíneach agus faoin mbrú follasach orthu leis an tseirbhís a chur ar fáil. Tá moladh le tabhairt do na Séiplínigh as a dtiomantas agus ba chóir beagán cuidithe a thabhairt dóibh dá bharr seo. Thuairiscíomar ar an gceist seo in 2010 chomh maith, ach saothar in aisce a bhí ann.

Tá sé de thuairim againn nach bhfuil an aird phráinne atá de dhíth maidir leis an gcúrsa seo á fáil.

An Neachtlan & Eadaí

An Láthair Fáiltithe

Nuair a thagann na príosúnaigh chun an phríosún déantar iad a chlárú ag an láthair fáiltithe de réir na rialachán arna leagan amach. Glactar fardal de na míreanna uile a thugann gach príosúnach isteach sa phríosún agus déantar iad a thaifeadadh ar an gcóras rianaithe TF.

Cuirtear gach mír a bhaintear de phríosúnach faoi chumhdach an Ghobharnóra.

Déantar fiosrú iomlán maidir le gearáin faoi mhíreanna atá ar iarraidh. Mar sin féin, tá roinnt gearán faighte ag an gCoiste Cuairte ó phríosúnaigh maidir leis an bhfad ama a ghlacann sé leis na fiosraithe a chur i gcrích. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúrsa seo.

Teastaíonn aird láithreach maidir leis an gcóras aerchóirithe sa láthair fáiltithe.

Cuireann an Coiste Cuairte fáilte roimh shuiteáil cheamara breise CCTV sa láthair feithimh, faoi mar a tugadh chun suntais ina Thuarascáil Bhliantúil 2010.

Tá fáilte roimh na hathruithe ginearálta a rinne sa láthair fáiltithe agus táimid ag súil le hoscailte láthair cimithe úr i Sciathán 'C' nua-athchóirithe.

Na Láithreacha Cithfholcadáin

Feidhmíonn na láithreacha cithfholcadáin sé lá sa tseachtain de réir clár ama struchtúraithe.

An Seomra Neachtlainne

Freastalaítear sa láthair seo le haghaidh míreanna níos lú a úsáidtear sa phríosún. Déantar na míreanna neachtlainne níos mó a sheachfhoinsiú. Is gá leibhéil aeraithe chuí a choinneáil sa seomra neachtlainne i gcónaí. I dTuarascáil Bhliantúil 2010 mholamar gur cheart fuinneoga athsholáthair oiriúnacha a shuiteáil d'fhonn dul i ngleic le deacrachtaí aeraithe. Go dtí seo, níor tugadh aird ar bith ar an gcúrsa seo. Ba cheart breathnú go práinneach ar athsholáthar na bhfuinneog sa seomra neachtlainne.

An Seomra Poist

Imríonn an seomra poist páirt lárnach sna próisis bhainistíochta slándála laistigh den phríosún.

Tá príomhfheidhm ag ról cinsireachta a chorprú isteach san oifig seo:

- (1) Monatóireacht a dhéanamh ar ghlaonna gutháin
- (2) Monatóireacht a dhéanamh ar phost isteach/amach

Faightear an post uile a thagann isteach sa phríosún ag an bpríomhghheata ar dtús lena bhailiú ag foireann an tseomra poist agus taifeadtar é de réir na rialachán. Déantar srac-scrúdú ar an bpost isteach agus amach ar fad lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le rialacháin an phríosúin agus ceisteanna slándála féideartha a shainaithint. Déantar gach mír phostais a thagann isteach sa phríosún a phróiseail trí mheaisín x-gháthaithe d'fhonn guaiseanna féideartha a aimsiú.

Nuair a bhíonn scrúdú déanta orthu, cuirtear na míreanna postais ar sheilfeanna lena mbailiú ag an oifigeach freagrach ábhartha. Seachadtar comhfhreagras ó chomhairleoirí dlíthiúla le príosúnaigh chuig an bPríomhoifigeach le cur faoina bhráid agus lena ndáileadh. Déantar gach iarracht míreanna postais a sheachadadh chuig príosúnaigh gan mhoill; mar sin féin, féadann moilleanna tarlú i ngeall ar easpa acmhainní agus ualach oibre méadaithe ag amanna áirithe ar fud na bliana.

Tá gearáin ó chónaithe maidir le míreanna poist a bhíonn ar iarraidh faoi réir fiosraithe; mar sin féin, ní dhéileáiltear leo in am trátha i gcónaí. Táimid sásta go bhfuil bunús maith le roinnt gearán maidir le moill nó cailliúint míreanna.

Déantar monatóireacht ar ghlaonna gutháin de réir na rialachán. Ligeann an córas atá i bhfeidhm do phríosúnaigh roinnt daoine ar féidir leo glaonna gutháin a ghlacadh uathu a ainmniú. Tá forálacha speisialta i bhfeidhm maidir le glaonna gutháin le comhairleoirí dlíthiúla.

Tá an Coiste Cuairte sásta go bhfuil feabhsúcháin déanta ag an oifig seo. Mar sin féin, lena chinntiú go bhfeidhmíonn sí go héifeachtach is gá foireann a leithdháileadh ar bhonn laethúil. Molaimid go ndéanfar athbhreithniú ar an gcúrsa seo ó seo amach.

Seirbhísí Cúram Leighis

Cuimsíonn na seirbhísí cúram leighis ag Príosún Mhuinseo (a) Ionad Leighais agus (b) Aonad úr Leighis. Riarann Bainisteoir Ionad na nAltraí na seirbhísí leighis sa phríosún.

An tIonad Leighis

Tá an tIonad Leighis, atá suite sa phríomhphríosún, ina chuid den straitéis leighis fhoriomlán le haghaidh ionad Mhuinseo. Agus cúram sláinte aontaithe á sholáthar chun leasa gach duine, a bhfuil a chlinic réamh-mheasúnaithe ina cuid lárnach, is é is príomhaidhm leis líon chuairteanna na bpríosúnach ar an ospidéal a laghdú. Tá foireann leighis cháilithe ansin d'fhonn tús áite a thabhairt do riochtaí sláinte, agus feidhmítear a lán gnáthaimh chaighdeánacha leighis san ionad.

Tá an straitéis leighis fhoriomlán ina cuid den Bhainistíocht Seirbhísí Comhtháithe (ISM) ag Príosún Mhuinseo, agus tógadh é ar an bprionsabal le:-

- (i) cúram sláinte réamhghníomhach a chur ar fáil,
- (ii) cuairteanna ospidéal le haghaidh cóireála leighis a laghdú,
- (iii) dualgas cúram a sholáthar do phríosúnaigh & don fhoireann,
- (iv) feabhas a chur ar chúram sláinte príosúnach trí eolas feasach,
- (v) neamh-nochtadh stair leighis ag príosúnach a thabhairt chun suntais.

(vi) Le linn na bliana líonadh roinnt poist altranais, is é seo réimse, áfach, lena bhfuil gá athbhreithnithe rialta a dhéanamh le soláthar cúram sláinte riachtanach do phríosúnaigh a chinntiú. Is é fachtóir riachtanach sna seirbhísí a chuirtear ar fáil ag an ionad leighis, infhaighteach *tacaíocht oifigeach príosúin*, nuair a iarratar é. Is é an Príomhoifigeach Altranais an duine is cumasaí le cinneadh a dhéanamh faoi nuair atá gá leis. Tugtha chun suntais sa Tuarascáil Bhliantúil (2010) tá inní ar an gCoiste Cuairte nach bhfuil dul chun

cinn ar bith déanta le polasaí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear tacaíocht oifigeach príosúin ar fáil don fhoireann leighis nuair a iarrtar é.

Tá sé de thuairim an Choiste Cuairte nach bhfreastalaítear ar riachtanais leighis na bpríosúnach i gcónaí, agus tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraítear. I measc na ngearán ó phríosúnaigh tá an fad ama a ghlacann sé le cóireáil leighis a fháil, soláthar seirbhísí fiacloireachta agus aistarraingt chógais ó phríosúnaigh ag teacht dóibh sa phríosún, nuair a bhíonn an cógas atá acu ordaithe ag a nDochtóir féin nó ag comhairleach ospidéal. Chuireamar na breithnithe seo in iúl san am a chuaigh thart ach ní feabhas ar bith tagtha ar an gcás go fóill.

Nílimid ag súil go mbeadh ar phríosúnach ar mhaidí croise codladh ar an mbunc thuas, agus fanacht sé seachtainí leis an bhfoireann an fhadhb seo a réiteach.

Ní haontaímid leis na nósanna imeachta maidir le polasaí cóireála fiacloireachta arna leagan amach ag an SPÉ. Táimid de thuairim uair amháin a chuirtear daoine sa phríosún, go bhfuil siad i dteideal curam leighis agus fiacloireachta de réir pholasaí na Roinne Dlí agus Cirt & Comhionannais maidir le cúram a thabhairt do phríosúnaigh ar bhealach daonnúil agus cothrom. Níor cheart cóireáil leighis a chinneadh trí fhad na pianbhreithe, ach trí riachtanais.

An tAonad Leighis

Cuirtear seirbhís cúraim phríomhúil agus réamhghníomhaigh ar fáil san Aonad Leighis, le béim ar chógas coiscthe. Déantar fóráil sa tsaoráid do chlár comhtháite le haghaidh príosúnach atá tiomanta do bheith saor ó dhruaí d'fhonn iad féin a ullmhú do scaoileadh amach de réir a chéile ón bpríosún. Tá príosúnaigh ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár seo faoi réir breithnithe cáilíochta sainiúla.

Creidimid gur cheart an clár a leathnú d'fhonn gach príosúnach ar mian leo páirt a ghlacadh, agus atá cáilithe, a chur san áireamh. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an réimse iomlán seo, toisc go m'bfhéidir go bhfuil an t-am ann féachaint ar an bhféidearthacht na príosúnaigh uile a mbaineann andúil drugaí leo a chur san áireamh i gclár drugaí.

Cuimsíonn an tAonad Leighis cúig rannóg agus is cuid é den pholasaí cúram sláinte foriomlán caitheamh le gach príosúnach le dínit agus meas. Mar sin féin, tá gearáin faighte againn ó líon mór príosúnach nach gcaitear leo ar bhealach maorga agus ómósach, nach n-éistítear leo i gcónaí, agus nach bhfreastalaítear ar a mbuarthaí go leordhóthanach.

Tá an-áthas orainn gur éirigh go maith leis an Aonad Ardtacaíochta a mholamar don SPÉ blianta ó shin.

Cruthaíodh an tAonad, ina bhfuil leapacha tiomanta do phríosúnaigh a chuirtear ar an gclár, a bheith ina fhiontar an-fhiúntach. Bhain thart ar sheachtó (70) príosúnach sochar as an tsaoráid go dtí seo; níl sé chomh teoranta agus dá bhrí sin bíonn níos mó idirghníomhaíochta leis an bhfoireann. Mar a léiríodh inár dTuarascáil Bhliantúil 2010, ba mhaith linn go ndéanfaí an tionscadal seo a leathnú tuilleadh.

Cuireann foireann an Aonaid Leighis seirbhísí cúram sláinte ar fáil d'othair i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla a bhfuil glacadh leo agus de réir polasaí.

Tugadh an fhíríc seo chun suntais leis an dámhachtain ardghradaim le déanaí ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) ar fhoireann na ngairmithe sláinte agus ar fhoireann an phríosún i Príosún Mhuinseo in aitheantas ar na tionscnaimh úra cúram sláinte a cuireadh i bhfeidhm sa phríosún, go háirithe do phríosúnaigh ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte. Léiríonn sé seo athrú sa chustam agus cleachtas maidir leis an dóigh a ndéileáiltear le daoine aonair ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte i ndaonra an phríosúin.

Tá fáilte roimh rath an Aonaid Ardtacaíochta i gcúram tosaigh príosúnach leochaileach.

Déanaimid comhghairdeas leis an aonad as an dámhachtain ardghradaim a fháil ón

Eagraíocht Dhomhanda Sláinte le déanaí. Bhí an dámhachtain seo in aitheantas ar na tionscnaimh úra cúram sláinte a cuireadh i bhfeidhm sa phríosún le béim faoi leith ar fhadhbanna meabhairshláinte - léiríonn sé athrú sa chustam agus cleachtas maidir leis an dóigh a ndéileáiltear le daoine aonair ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte i ndaonra an phríosúin.

Meabhairshláinte

Tig le haonrú sóisialta ar feadh tréimhse leanúnach a fhadhbanna féin a chruthú. Níl an cleachtas príosúnaigh shuaithmheonacha a aonrú trína gcur isteach i gcóiríocht cillín speisialta cuidiúil dá n-athshlánú fadtéarmach. Tá a fhios ag an gCoiste Cuairte go bhfuil príosúnaigh á gcoinneáil fós i gcillíní speisialta, ar feadh seachtainí i roinnt cásanna. D'ainneoin rath an Aonaid Ardtacaíochta, ní bhfreastalaítear ann do riachtanais mheabhairshláinte na bpríosúnach nach ndéanann a chláir struchtúrtha. Feiceann an Coiste Cuairte an gá fós le *hAonad Daoine Leochaileacha* a bhunú, a chumasaíonn cóireáil inti oiriúnach príosúnach atá ag fulaingt ó ghalar meabhrach. Mar a léiríodh sna Rialacha Príosúin (2007) níor cheart príosúnaigh a chur i gcillíní speisialta ach má bhíonn sé riachtanach le gortú a chosc; agus ar feadh tréimhse ná faide ná 24 uair a' chloig. I ngeall ar easnamh leapacha bíonn moill fhada ann go minic maidir le déileáil le príosúnaigh a aistriú go dtí ospidéal mheabhairghalair. Ba cheart féachaint do mhéadú in infhaighteacht acmhainn leapacha do phríosúnaigh faoi chúram síciatrach, d'fhonn iad a thabhairt amach as timpeallacht phríosúin agus cóireáil á cur orthu. Is é seo fadhb ar a cuireadh béim arís agus arís eile.

Drugaí

Tá cur chuige na bainistíochta maidir le déileáil le malartú mídhleathach drugaí sa phríosún i gcomhréir le *Polasaí & Straitéis Drugaí* an SPÉ. Le linn na bliana lean bainistíocht an phríosúin dá ndul chun cinn i ndéileáil le fadhbanna drugaí inmheánacha, agus bhí mórpháirt ag suiteáil na n-eangach cosanta thar chlóis.

Cinntíonn raon leathan seirbhísí ginearálta agus sainiúla arna soláthar ag an SPÉ, comhlachtaí ábhartha reachtúla agus neamhreachtúla go gcuimsítear ionchur iltoiseach suntasach ar chláir athshlánúcháin drugaí do phríosúnaigh. Féachtar leis na bearta seo an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú trí shraith chuimsitheach tionscnamh, arna riar laistigh den phríosún ag an mbainistíocht. Tá na seirbhísí seo á gcur ar fáil ar bhonn riachtanas cliniúil agus á dtacú ag córas um thástáil drugaí éigeantach. Le blianta beaga anuas, dearbhaíonn infheistíocht shuntasach ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a tiomantas maidir le ceisteanna andúile a láimhseáil i gcóras an phríosúin, ach mar sin féin, tá gá le méadú agus feabhas leanúnach.

Tá inní faoi leith orainn faoin leibhéal méadaithe d'infhaighteacht táibléad, agus an deacracht iad sin a aimsiú.

Lena chois sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb um idirghníomhú idir úsáideoirí drugaí agus iad siúd nach n-úsáideann drugaí in 2012. Ní mór déileáil leis na teagmhais maidir le príosúnaigh a éiríonn andúlaithe i Muinseo ar mhodh cinntitheach. Caithfear dianobair a dhéanamh le timpeallacht saor ó dhrugaí a bhaint amach.

Ceapann an Coiste Cuairte gur cheart bearta méadaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn pásáil táibléad srl nach féidir le madraí a mboladh a fháil a dhíothú.

Nearthaigh na heangacha a tugadh isteach thar na clóis na rialuithe maidir le soláthairtí drugaí, ach as éadóchais tarlaíonn roinnt aireagán iontach, mar a chonacthas i Muinseo thar na blianta. Dá bhrí sin ní féidir a bheith bogásach nó scíth a ghlacadh agus bealaí úra le déileáil le an gceist um sholáthar á mbaint amach.

Ba cheart clár ina ndéileáiltear le handúil a bhunú, d'fhonn infhaighteacht níos mó ar chóireáil d'úsáideoirí drugaí a spreagtar le scor de dhrugaí nó ar mian leo scor daoibh a chumasú.

Tá sé uafásach gur féidir le príosúnaigh atá glasáilte suas ar feadh 23 uair an chloig soláthar seasta drugaí/táibléad a fháil.

Síceolaíocht

Cuimsíonn an tSeirbhís Síceolaíochta meascán de leasanna síceolaíochta atá deartha le haghaidh a thabhairt ar riachtanais dheacra agus éagsúla na seirbhíse príosúin. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí síceolaíochta le bliain anuas, i ngeall go mór ar an bplódú i bpríosúin. Níl amhras ar bith ann ná go bhfuil tionchar aige seo ar cháilíocht na coinneála agus cuireann sé go mór le strus laistigh de na príosúin. Tarlaíonn strus i bpríosúin ó dhá phríomhfhoinsé. Ar an gcéad dul síos, is toradh é ar bharráíocht daoine a bheith ina gcónaí laistigh de láthair theoranta agus ar an dara dul síos, bíonn tionchar aige ar acmhainn na bpríosúin obair bhríoch a chur ar fáil do phríosúnaigh.

Tá síceolaí comhairlithe lánaimseartha amháin i bPríosún Mhuinseo. Cuireann dhá shíceolaí chliniciúla shinsearacha seisiúin ar fáil sa phríosún, mar aon le ról maoirseachta a chomhlíonadh. Le linn na bliana, rinne dhá shíceolaí faoi oiliúint an tseirbhís a fhorlíonadh ag cuidiú leis an liosta feithimh a éascú agus grúpa a éascú.

Tá obair theagmhála duine le duine aonair ina phríomh-mhodh leis an tseirbhís a sheachadadh.

Rinne an tseirbhís clár inspreagtha láimhe le haghaidh úsáideoirí a oiriúniú do thimpeallacht phríosúin. Is é is aidhm leis an gclár spreagthacht príosúnaigh a mhéadú lena n-íompraíocht drugaí a athrú.

Tá an Coiste Cuairte sásta a fheiceáil go bhfuil cumhdach oifigeach príosúin ar fáil lena chinniú nach ndéantar clinici a chur ar ceal. Rinne an cumhdach oifigigh seo agus infhaighteacht na seomraí síceolaíochta comhaimseartha feidhmiú na seirbhíse seo a éascú go ginearálta. D'ainneoin seo, ní leor na hacmhainní síceolaíochta le freastal ar riachtanais na gcónaitheach atá coinnithe sa phríosún. Thabharfaí soláthar acmhainní leordhóthanacha raon féidhme suntasach le cláir ina ndírítear ar cheisteanna riachtanacha a fhorbairt tuilleadh. Ba cheart breathnú ar líon na foirne a mhéadú, lena n-áirítear foireann faoi oiliúint, lena chinntiú nach ndéantar na seirbhísí síceolaíochta sa phríosún a laghdú.

Sábháilteacht Dóiteáin

Tá trealamh sábháilteachta dóiteáin curtha in áiteanna ábhartha ar fud an phríosúin. Cuireann bainistíocht an phríosúin cláir druil doiteáin i bhfeidhm agus déantar measúnuithe riosca agus druil doiteáin ag eatrainmh rialta. Tá an *Plean Sábháilteachta Dóiteáin* le haghaidh an phríosúin á thabhairt suas chun dáta faoi láthair. D'iarramar é a thabhairt suas chun dáta ag cruinniú de chuid an choiste sa Bhliain Úr maidir leis an bplean úr.

Scoileanna

Soláthraíonn an tSeirbhís Oideachais Príosúin saoráidí le haghaidh oideachais agus ealaíon, ina gcuimsítear comhpháirtíocht idir an SPÉ agus raon gníomhaireachtaí oideachais ón bpobal. Is é is aidhm leis an tseirbhís oideachais clár ardchaighdeáin, leathan, solúbtha a sheachadadh ina gcuidítear le príosúnaigh déileáil lena bpianbhreith, forbairt phearsanta a

bhaint amach, ullmhú le haghaidh an tsaoil i ndiaidh a scaoilte amach agus suim a bhunú i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

D'fhonn an deis a thabhairt do phríosúnaigh páirt a ghlacadh in oideachas gan aird ar an leibhéal iontrala nó taithí roimh ré tá roinnt roghanna teastasaithe atá oiriúnach do riachtanais daoine fásta ar fáil laistigh den phríosún. Áirítear orthu sin FETAC Leibhéal 2,3,4 & 5, an Teastas Sóisearach agus an Ardeistiméireacht, ECDL agus an Ollscoil Oscailte..

Tá an fhoireann teagaisc sa phríosún tiomanta go hiomlán don tasc idir lámha agus do dhíriú ar mheas agus grá don oideachas a chur ina luí ar phríosúnaigh de réir a chéile. Is beart an-dearfach é rannpháirtíocht príosúnach sna scrúduithe Stáit. Is céim ollmhór chun tosaigh é an iarracht oideachais seo don chuid is mó de phríosúnaigh a raibh eispéireas diúltach acu ar an scoil, agus a lán acu ag fágáil ag aois an-óg.

Ag cur san áireamh na bearta oideachais rathúla atá curtha i bhfeidhm sa phríosún , tá sé de thuairim an Choiste Cuairte gur cheart líon na bpríosúnach a ghlacann páirt sna cláir oideachais a mhéadú. Gan amhras imríonn neamhshuim na bpríosúnach maidir le hoideachas ról sa chéadatán beag dóibh atá rannpháirteach sna cláir oideachais. Ní mór siollabas éagsúil agus suimiúil a bheith i gcóras na bpríosún d'fhonn príosúnaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh san oideachas, agus dá réir sin deis a thabhairt dóibh i gcomhair athshlánaithe. Is é seo dúshlán don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an SPÉ agus bainistíocht áitiúil na bpríosún ó seo amach.

An tSeirbhís Promhaidh:

Creidimid nach leor an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa Phríosún le freastal ar riachtanais na bpríosúnach agus nach go bhfuiltear ag coinneáil príosúnach níos faide ná is gá, ag fanacht le seirbhís ón ngníomhaireacht promhaidh. Le roinnt mhaith ama anois níl sé curtha ina luí orainn go bhfuil seirbhís leormhaith á cur ar fáil agus chun na críche sin bhuaileamar leis an mBainistíocht sa phríomhoifig ag Lána Mhargadh an Fhéir i mí Lúnasa agus shonraíomar ár mbuarthaí. Ba cheart dóibh siúd uile ag a bhfuil freagracht scrúdú a dhéanamh ar na fadhbanna a bhaineann le Promhadh agus na ceisteanna a réiteach. Níl seirbhísí leasa ar bith ann.

Rialú Drugaí:

Féach ár dtuarascáil le haghaidh 2010.

Oiliúint Thionsclaíoch :

Tá feabhsuithe measartha substaintiúil á ndéanamh fós sa rannán seo ar bhonn leanúnach, monatóireacht agus athchóiriú á dheanamh orthu, agus tugtha suas chun dáta más gá. Tá Bainisteoir an rannáin seo an-tiomanta ar fad agus tá tacaíocht mhaith á fáil aige ó Ghobharnóirí an phríosúin.

TIONSCADAL CUMAS :

Bhuail an coiste i mí Mheán Fómhair le Tionscadal Cumas i Muinseo. Tionóladh an cruinniú seo mar thoradh ar roinnt cainteanna agus cruinniú níos luaithe leis an gcathaoirleach agus stiúrthóir ar Cumas. Is é a ról tacaíocht agus cuidiú a thabhairt do theaghlaigh i gceantar Chluain Dolcáin a bhféadfadh duine a bheith acu ag dul chun an phríosúin nó go deimhin sa phríosún cheana, a bhfuil páistí acu. Ullmhaíonn siad na páirtí más féidir sula gcuirtear an duine sa phríosún. Bhí an-suim acu foghlaim faoi rialacha an phríosúin maidir le cuairteanna.

Cuidíonn siad le teaghlaigh fosta le hoiliúint maidir le hitheachán sláintiúil, beathú agus scileanna tuismitheora.

Bheadh tairbhí ollmhór ann do theaghlaigh agus do phríosún dá mbeadh eagraíocht i ngach ceantar cosúil le Cumas.

Go suimiúil ba chuid dá seirbhíse dul in éineacht leis an bpáiste ar an gcéad chuairt nuair a bhíonn tuismitheoirí i riocht coimhthithe agus nach mbíonn baill teaghlaigh ar bith eile ar fáil a thabharfadh an páiste ar chuairteanna.

Seirbísí na Cistine:

D'ainneoin roinnt fadhbanna sealadacha maidir le soláthairtí neamhshásúla bia, bhí caighdeán an bhia le linn 2011 ar fheabhas agus bhí seachadadh na seirbhísí ar an ngnáthchaighdeán ard. Bhí na cistineacha agus na gléasanna glan. Bhí oibreacha feabhsúcháin ar siúl agus tugadh moladh maidir le buarthaí an-mhiona. Mar is gnáth bhí ardmholadh tuillte go maith.

Bhí tráchtanna na bpríosúnach deimhneach.

Ceardlanna:

Tá na ceardlanna chomh tábhachtach leis an rannóg oideachais sna róil um athshlánaithe agus an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Cé go bhfuil na ceardlanna atá i bhfeidhm ina gcreidiúint do gach duine lena mbaineann, mholfaimis go láidir iad a fhorleathnú, agus ceardlanna úra a chur ar fáil chomh maith. Chun na críche sin, tá clár rannpháirtíochta ó fhostóirí sa leagan amach inmhianaithe. Chinnteodh an rannpháirtíocht cúrsaí agus bheadh oiliúint ar comhéid le riachtanais an tionscail ar feadh blianta fada le teacht.

Mar thoradh air seo bheadh i bhfad níos mó príosúnaigh rannpháirteach, ní bheadh oiread leadráin ann, bheadh níos lú fadhbanna meabhrach ann agus thabharfaí deiseanna fostaíochta ar scaoileadh amach na bpríosúnach.

Le blianta anuas anois, iarramar go ndéanfaí feabhsuithe ar na ceardlanna agus cé go bhfuil gach iarracht á ndéanamh go himmheánach, tá bac curtha ar na hiarrachtaí seo ag an líon folúntais Oibre agus Oiliúna, méadaithe i dtráthanna saoire bliantúla agus deireadh gach “ceathrún uaireanta bliantúlaithe”. Tá 14 fholúntas faoi láthair. Is é seo constaic thromchúiseach ar athshlánú agus ar an mbainistíocht pianbhreitheanna comhtháite agus ní thagann sé leis dualgas cúram agus athshlánaithe atá curtha ar iontaoibh an SPÉ.

In 2012, ghlac 510 príosúnach páirt sa mbainistíocht pianbhreitheanna comhtháite. Níor dhiúltaigh ach líon an-íseal páirt a ghlacadh.

Chumasódh ceaintín sna láithreacha seo laethanta oibre níos faide agus níos lú de bhriseadh isteach ar réimis. Faoi láthair oibríonn siad thart ar 3 huairé, toisc go gcaithfear príosúnaigh a ghlasáil le haghaidh lóin ina sciatháin faoi seach.

Déanaimid comhbhrón leo siúd go léir a fuair bás i bpríosúin, suaimhneas síoraí dá n-anamacha

Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte buíochas a ghabháil leis an mBainistíocht agus leis an bhfoireann as a gcomhoibriú le linn 2011 agus guímid rath orthu don bhliain amach romhainn.

Mountjoy Prison Annual Report 2011

Submitted to Mr. Alan Shatter, Minister for Justice in January, 2011

